

NESDO

Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt
Eacnamaíoch agus Shóisialach
National Economic & Social
Development Office



Tuarascáil Bhliantúil

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Tuarascáil Bhliantúil NESDO

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Clár Ábhair

1. Ráiteas an Chathaoirligh	4
2. An Clár Oibre sa Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESC) 2025	6
3. Éifeachtacht Eagraíochtúil	18

I. Ráiteas an Chathaoirligh

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006.

Is comhlacht corpraithe é NESDO don Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESC) a chuireann comhairle ar an Taoiseach maidir le saincheisteanna beartais straitéiseacha a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil inbhuanaithe in Éirinn.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil don NESC agus cuireann sé tuarascálacha, moltaí agus conclúidí a eascraíonn as tionscadail a chuir an NESC i gcrích faoi bhráid an Rialtais agus socraíonn sé go bhfoilseofar na míreanna sin ina dhiaidh sin.

Tugtar breac-chuntas i dTreoirínte Beartais agus Nósanna Imeachta NESDO ar shocruithe rialachais chorparáidigh na hOifige, lena n-áirítear feidhmeanna agus freagrachtaí Bhord agus fhoireann NESDO. Comhlíonann na Treoirínte an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta. Táim sásta go bhfuil NESDO ag comhlíonadh na dTreoirínte.

Bhí trí chruinniú ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca NESDO le linn 2025: an 11 Márta, an 17 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair. Bhí an Coiste comhdhéanta de:

Cillian Doyle, Cathaoirleach Eatramhach, Roinn an Taoisigh

Damian Thomas, NESC

Anna Visser, Roinn an Taoisigh

Feidhmíonn an tAonad um Iniúcháireacht Inmheánach (IAU) de chuid Roinn an Taoisigh mar acmhainn do Bhord agus do bhainistíocht NESDO chun dearbhú a thabhairt maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha na heagraíochta, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus bainistíocht riosca.

Leagtar amach i ndoiciméad Nósanna Imeachta um Rialú Inmheánach Airgeadais NESDO na nósanna imeachta cuntaisíochta agus na caighdeáin atá i bhfeidhm, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hairgead tirim, párolla, admhálacha, íocaíochtaí, taisteal agus speansais, soláthar, sócmhainní seasta, slándáil teicneolaíochta faisnéise, rialuithe buiséadacha agus bainistiú agus coinneáil taifead.

Le linn 2025 rinne Coiste Iniúcháireachta agus Riosca NESDO athbhreithniú ar an gClár Bainistíochta Riosca agus ar an gClár Riosca TF, ar Sheicliosta Éifeachtachta an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar na Ráitis Airgeadais (2024), ar an gCairt um Iniúcháireacht Inmheánach, ar an Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha, agus ar an Tuarascáil Iniúcháireachta ar Phárolla NESDO. Níor aimsíodh aon cheisteanna tábhachtacha. Dheimhnigh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca go raibh sé sásta le leordhóthanacht agus oiriúnacht chóras na rialuithe inmheánacha laistigh de NESDO.

Tá poist Phríomhoifigeach NESDO agus Stiúrthóir NESC ag an duine céanna, a íoctar i leith a phoist mar Stiúrthóir NESC agus nach bhfaigheann aon luach saothair, luach saothair ná caiteachas breise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Íoctar foireann uile an NESDO agus an NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, i gcomhréir le ciorcláin ábhartha pá arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Táim sásta go bhfuil NESDO ag comhlíonadh na gcorclán seo.

Tá an Roinn tiomanta dá hoibleagáidí faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh. Cloíodh lena pholasaí maidir le gach sonrasc a shocrú laistigh de thréimhsí ama forordaithe i rith na bliana, agus rinneadh 92 % dá íocaíochtaí laistigh de 15 lá ón sonrasc a fháil. Ní raibh aon sonraisc faoi réir Úis ar íocaíocht Phras in 2025.

Le linn 2025, baineadh úsáid as polasaí oibre cumaisc in NESDO, i gcomhréir leis an gcreat státseirbhíse níos leithne.

Dearbhaím nach raibh aon imeachtaí suntasacha ann tar éis an chláir comhardaithe le linn 2025.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí Chomhairle NESC agus leis an bhfoireann in NESC/NESDO as a dtacaíocht agus a dtiomantas le linn na bliana 2025.

John Callinan

Cathaoirleach

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

2. An Clár Oibre sa Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESC) 2025

Foilsíodh na tuarascálacha NESC seo a leanas in 2025:

Ireland's Future Power System and Economic Resilience [Córas Cumhachta agus Athléimneacht Eacnamaíoch na hÉireann sa Todhchaí] (Tuarascáil NESC Uimh. 167):

Leagtar amach sa tuarascáil seo gur gné riachtanach de ghníomhaíocht na hÉireann é an t-aistriú chuig córas cumhachta dícharbónaithe chun aghaidh a thabhairt ar na héigeandálaí aeráide agus bithéagsúlachta. Ní mór gach céim a ghlacadh chun cabhrú leis an aistriú sin a chur i gcrích. Chomh maith lena buiséid charbóin atá ceangailteach ó thaobh dlí, tá Éire tiomanta d'astaíochtaí díobhálacha a laghdú faoi 2030, agus do gheilleagar aeráidneodrach a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Cuid lárnach de na gealltanais sin a chomhlíonadh is ea spriocanna náisiúnta uaillmhianacha d'earnáil na cumhachta.

De réir an iliomad beartas agus ráiteas náisiúnta, ní hamháin go gcuideoidh an t-aistriú fuinnimh le haghaidh a thabhairt ar ábhair inné phráinneacha chomhshaoil ach cuirfidh sé comhthairbhí eacnamaíocha suntasacha ar fáil freisin trí dheiseanna fiontraíochta a chruthú, trí iontaofacht an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú, trí chostais fuinnimh a ísliú, agus trí chur ar chumas na hÉireann a bheith ina glan-onnmhaireoir fuinnimh.

Tá iniúchadh níos mionsonraithe déanta ag an gComhairle ar an nasc idir spriocanna a bhaint amach d'earnáil na cumhachta agus na comhthairbhí eacnamaíocha sin a bhaint amach. Thug NESC faoi athbhreithniú leathan litríochta agus beartais, rannpháirtíocht idirnáisiúnta, agus próiseas forleathan comhairliúcháin le breis agus 40 príomhghníomhaí in earnáil na cumhachta.

Deepening Compact Growth in Ireland [Dlúthfhás a Dhoimhniú in Éirinn] (Tuarascáil NESC Uimh. 168): Leagtar amach sa tuarascáil seo go bhfuil patrún fairsing forbartha na hÉireann ina ábhar inné le fada ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Is costais níos airde a bhaineann le seirbhísí poiblí agus bonneagar poiblí a sholáthar an toradh a bhíonn air sin. Bíonn spleáchas ard ar charranna mar thoradh air freisin chun freastal ar riachtanais laethúla. Leagtar amach i bplean spásúil fadtéarmach na hÉireann, an Creat Náisiúnta Pleanála, fíis mhalartach atá bunaithe ar dhlúthfhás.

Ciallaíonn dlúthfhás go dtarlaíonn níos mó fáis laistigh de theorainneacha cathracha, bailte agus sráidbhailte, agus go bhforbraítear comharsanachtaí insiúlta nua. Áirítear leis sin athchóiriú a dhéanamh ar mhaoin fholamh agus thréigthe. Cuireann níos mó árasán le dlúthfhás ach níl siad comhchiallach leis. Is díol sásaimh don Chomhairle na forálacha i dTreoirlínte 2024 maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus *Dlúthlonnaíocht d'Údaráis Phleanála* lena ndéantar foráil maidir le tithíocht 'do dhoras féin' níos dlúithe in áiteanna iomchuí.

International Trade Dependencies and the Energy Transition [Spleáchais ar Thrádáil Idirnáisiúnta agus an tAistriú Fuinnimh] (Tuarascáil NESC Uimh. 169): Scrúdaítear sa tuarascáil seo spleáchais trádála idirnáisiúnta na hÉireann in earnáil an fhuinnimh agus an chaoi a bhforbróidh siad sin le linn an aistrithe fuinnimh. Tá Éire ar cheann de na tíortha is mó a bhraitheann ar allmhairiú breosla iontaise san Eoraip i láthair na huaire. Tá roinnt míbhuntáistí ag baint leis an spleáchas sin ar bhreoslaí iontaise allmhairithe, lena n-áirítear ardleibhéil astaíochtaí CO₂,

neamhchosaint ar shuaitheadh soláthair agus luaineacht praghsanna ar mhargaí idirnáisiúnta, eis-sreafaí airgeadais, fóirdheontais neamhéifeachtúla breosla iontaise, agus tionchair dhiúltacha ar cháilíocht an aeir agus ar shláinte an duine.

Cuirtear moltaí agus gníomhaíochtaí beartais ar fáil sa tuarascáil seo chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais straitéiseacha a bhaineann leis an timpeallacht trádála idirnáisiúnta in earnáil an fhuinnimh, rud a chuirfidh ar ár gcumas dul in oiriúint ar bhealach níos fearr do thosca lasmuigh dár dteorainneacha a mhúnlóidh an t-aistriú fuinnimh. Tá cúig mholadh straitéiseacha á gcur ar aghaidh ag an gComhairle.

Connecting People to the Energy Transition [Daoine a Nascadh leis an Aistriú Fuinnimh]

(Tuarascáil NESC Uimh. 170): Leagtar amach sa tuarascáil seo go bhfuiltear ag déanamh bunathrú mórscála ar chóras fuinnimh na hÉireann, ag aistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí in-athnuaite den chuid is mó chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. I bhfianaise go bhfuil spriocanna dlíthiúla le baint amach agus go bhfuil an bhearna idir an dul chun cinn atá á dhéanamh faoi láthair agus na laghduithe a theastaíonn ag dul i méid, aithníonn an Chomhairle gur dúshlán sochaíoch agus eacnamaíoch agus teicneolaíoch é sin. Ní mór a áirithiú leis an aistriú go laghdófar astaíochtaí fad a thabharfar cosaint do shlándáil fuinnimh, d'inacmhainneacht agus d'iontaofacht ar mhaithe le daoine. Beidh costais agus rioscaí i gceist; is mó an tíochar a bheidh ar dhaoine áirithe ná ar daoine eile.

Tá dúshlán ann maidir le haistriú cóir a bhaint amach agus tá rioscaí nua i gceist d'iontaofacht fuinnimh, a léirítear le teagmhais adhaimsire. Sa tuarascáil seo, aithníonn an Chomhairle nach mór an t-aistriú sin a bheith cóir, lena gcinntítear dáileadh cothrom costas agus sochar fad a chosnaítear grúpaí leochaileacha. Tá sé ríthábhachtach dearcadh sochaíoch a ghlacadh chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil teaghlaigh ceangailte leis an gcóras fuinnimh agus chun an ceangal sin a neartú ar mhaithe le go n-éireoidh lena chur chun feidhme.

Díríonn an Chomhairle ar chúig réimse leathana inar féidir gníomhaíochtaí a dhéanamh, mar a shonraítear sa tuarascáil seo:

- Inacmhainneacht Fuinnimh, Tearcrochtain Fuinnimh, Monatóireacht agus Spriocdhíríú;
- Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Teas Glan a Mhéadú;
- Cuidiú le Teaghlaigh Sochair Leictreachais a Bhreith Leo;
- Athléimneacht Fuinnimh Áitbhunaithe agus Táirgeadh Áitiúil; agus
- Naisc fuinnimh a Neartú.

Building a Virtuous Demographic Cycle [Timthriall Déimeagrafach Fabhrach a Thógáil] (Tuarascáil NESC Uimh. 171):

Leagtar amach sa tuarascáil seo go bhfuil athrú ó bhonn ag teacht go tapa ar phróifíl dhéimeagrafach na hÉireann. Tá rátaí breithe ag titim, tá líon na leanaí ag laghdú, agus tá an daonra ag dul in aois gach bliain. Laistigh de dheich mbliana, laghdóidh cóimheas na n-oibrithe le neamh-oibrithe, agus meastar go gcráfaidh an daonra faoi na 2050idí. Gan gníomhaíocht thráthúil chomhordaithe, cuirfidh na treochtaí sin brú méadaitheach ar airgeadas poiblí, ar chosaint shóisialta agus ar sheirbhísí riachtanacha, rud a dhéanfaidh geilleagar, sochaí agus comhshaol na hÉireann a athmhúnlú.

Léiríonn na hathruithe déimeagrafacha atá tarlaithe le déanaí dúshlán agus deiseanna araon. Tháinig méadú mór ar an nglanimirce isteach tar éis na 2000idí agus sháraigh na gnóthachain ionchas saoil na réamh-mheastacháin, ach tá na rátaí torthúlachta tite níos tapúla ná mar a bhíodas ag súil leis agus tá siad ag druidim le meán na hEorpa anois. Léiríonn an dinimic sin nach furasta an t-athrú déimeagrafach a thuar. Beidh sé ríthábhachtach acmhainneacht a fhorbairt le haghaidh fadbhreathnaitheachta agus dearadh beartais solúbtha.

Is é an dúshlán atá ann acmhainneacht agus fadbhreathnaitheacht a fhorbairt chun athruithe déimeagrafacha a réamh-mheas agus a threorú, ní hamháin chun freagairt dá n-éifeachtaí. Cuirtear i láthair sa Tuarascáil seo ón gComhairle fíс shoiléir, chomhroinnte agus dhearfach maidir leis an athrú déimeagrafach, a chabhraíonn le hÉirinn a bheith níos ullmhaithe.

NESC@50: Ireland at a Pivotal Moment [NESC@50: Uain Chinniúnach d'Éirinn]: Tugtar léargas dearfach in *NESC@50: Ireland at a Pivotal Moment* [NESC@50: Uain Chinniúnach d'Éirinn] ar Éirinn i ndeireadh na bliana 2023 i gcomhthéacs raon beart. Mar sin féin, is léir ón taighde, agus ó thuairimí go leor de na rannpháirtithe a d'fhreastail ar ár gcomhdháil i mí na Samhna 2023, gur theastaigh bearta feabhais freisin. Sa leabhar comórtha speisialta seo, a scríobhadh i gcomhar le breis agus 40 de rannpháirtithe na comhdhála, leagtar béim ar an ngá atá le spásanna níos sábháilte agus níos oscailte lena féidir ár gcumas mar shochoaí a cheistiú agus a fhorbairt chun éisteacht – go háirithe, le raon níos leithne daoine – agus pleanáil le haghaidh todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe.

Ireland's Future Power System and Economic Resilience [Córas Cumhachta agus Athléimneacht Eacnamaíoch na hÉireann sa Todhchaí] Páipéar Cúlra Taighde (Tuarascáil Rúnaíochta NESC Uimh. 34): Cuirtear faisnéis ar fáil sa pháipéar Rúnaíochta seo maidir leis an taighde atá mar bhonn agus mar thaca ag Tuarascáil Uimh. 167 ón gComhairle NESC dar teideal *Ireland's Future Power System and Economic Resilience* [Córas Cumhachta agus Athléimneacht Eacnamaíoch na hÉireann sa Todhchaí].

Leagtar amach ann faisnéis bhreise maidir le comhthéacs an taighde (caibidil 1), tugtar mionsonraí ann maidir leis an gceist taighde, na sainmhínithe taighde agus an cur chuige taighde (caibidil 2), agus déantar conclúidí na tuarascála a athchomhaireamh ann (caibidil 3).

Deepening Compact Growth in Ireland [Dlúthfhás a Dhoimhniú in Éirinn] Taighde Breise (Tuarascáil Rúnaíochta NESC Uimh. 35): Ullmhaíodh an páipéar Rúnaíochta seo i gcomhar leis an tuarascáil ón gComhairle den ainm céanna, *Deepening Compact Growth in Ireland* [Dlúthfhás a Dhoimhniú in Éirinn] Uimh. 168. Tá ábhar i páirt sa dá cháipéis.

I gcomparáid leis an tuarascáil ón gComhairle, tá plé níos forleithne ar na hábhair seo a leanas sa pháipéar seo ón Rúnaíocht: na costais agus na tairbhí a bhaineann le dlúthfhás (Caibidil 3), maoin fholamh agus thréigthe (Caibidil 6), agus samplaí idirnáisiúnta de dhlúthfhorbairt (Caibidil 7).

Energy Transition as an Opportunity to Eliminate Energy Poverty [An tAistriú Fuinnimh mar Dheis chun Deireadh a chur le Tearcrochtain Fuinnimh] (Tuarascáil Rúnaíochta NESC Uimh. 36): Chun neamhspleáchas ar bhreoslaí iontaise a bhaint amach faoi 2050, agus chun folláine á feabhsú ag an am céanna agus gan aon duine a fhágáil ar lár, is gá oibriú chun deireadh a chur leis an tearcrochtain fuinnimh san aistriú.

Dírítear sa pháipéar rúnaíochta seo ar na himpleachtaí do theaghlaigh atá i mbaol na tearcrochtana fuinnimh in Éirinn agus ar fud oileán na hÉireann san aistriú chuig todhchaí saor ó bhreoslaí iontaise

Strategic Supply Chain Issues & Ireland's Energy Transition [Saincheisteanna Straitéiseacha maidir le Slabhraí Soláthair & Aistriú Fuinnimh na hÉireann] (Tuarascáil Rúnaíochta NESC Uimh. 37): Cuirtear le torthaí na Tuarascála ón gComhairle NESC dar teideal *Trade Dependencies and the Energy Transition* [Spleáchais ar Thrádáil Idirnáisiúnta agus an tAistriú Fuinnimh] (Uimh. 169) sa pháipéar seo. Déantar iniúchadh ann ar shaincheisteanna straitéiseacha maidir leis an

slabhra soláthair atá lárnach chun cuspóirí aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach go rathúil – cé go bhfuil acmhainní nádúrtha flúirseacha in Éirinn le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, go háirithe i bhfoirm gaoithe, tá ár gcumas na hacmhainní sin a fhorbairt agus a úsáid ar scála leordhóthanach á mhúnlú níos mó agus níos mó ag dinimic an tslabhra soláthair dhomhanda, forbairtí geopholaitiúla, agus caidreamh trádála idirnáisiúnta. Ní trí bheartais náisiúnta amháin a chinntear costas, infhaighteacht agus inbhuanaitheacht príomhtheicneolaíochtaí agus príomhacmhainní amhail turbíní gaoithe, grianphainéil agus bithbhreoslaí, ach trí shlabhraí soláthair trasteorann, forbairtí beartais trádála ar leibhéal an Aontais, agus trí chreataí rialála idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn.

Energy Communities in Ireland: Progress, Challenges and Potential [Pobail Fuinnimh in Éirinn: Dul Chun Cinn, Dúshlán agus Acmhainneacht] (Tuarascáil Rúnaíochta NESC Uimh. 38): Cuirtear le torthaí Thuarascáil Uimh. 170 ón gComhairle NESC dar teideal *Connecting People to the Energy Transition* [Daoine a nascadh leis an Aistriú Fuinnimh] sa pháipéar seo. Cuirtear plé níos mionsonraithe ar fáil ann ar thorthaí na bpobal fuinnimh, trí ábhar agus samplaí breise a thabhairt. Scrúdaítear cleachtais reatha na bpobal fuinnimh agus forbairtí le déanaí ann chun tuiscint a fháil ar mar atá cúrsaí in Éirinn.

Pléitear an comhthéacs beartais lenar cumasaíodh an fás ar líon na bpobal fuinnimh san Aontas agus go náisiúnta ann freisin.

Demographic Aspects of Policy and Population Modelling [Gnéithe Déimeagrafacha den Bheartas agus den Samhaltú Daonra] (Tuarascáil Rúnaíochta NESC Uimh. 39): Is é is cuspóir don pháipéar rúnaíochta seo ó NESC dhá phríomhcheist a fhreagairt:

- Cé chomh héifeachtach agus a chuirtear cúrsaí déimeagrafaíochta san áireamh i mbeartais na hÉireann? agus
- Cé chomh maith agus ar éirigh le hÉirinn an daonra a samhaltú?

Beidh cumas na hÉireann dul i ngleic go rathúil le roinnt athruithe déimeagrafacha atá ag tarlú ag an am céanna ag brath ar cheapadh beartais réamhghníomhach, ar infheistíocht i gcaipiteal daonna, agus ar shochaí chuimsitheach a chruthú a uasmhéadóidh na tairbhí a bhaineann lena daonra atá ag athrú. Eascraíonn ceist as sin faoi chomh héifeachtach agus atá beartais na hÉireann tar éis breithnithe déimeagrafacha a ghlacadh san áireamh go dtí seo.

Comhdhálacha 2025 NESC

Energising the Transition [An tAthrú a Spreagadh] (22 Deireadh Fómhair 2025)

Dhírigh an chomhdháil seo ar thodhchaí an aistrithe fuinnimh agus ar an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist léi do gheilleagar, do shochaí agus do chomhshaol na hÉireann. Tugadh cuireadh do 160 aoi freastal ar an gcomhdháil, páirtithe leasmhara ina measc, idir shaineolaithe i dtionscal an fhuinnimh, lucht déanta beartas agus ghrúpaí pobail.

Díríodh sa phlé agus sa chur i láthair ar an gcaoi ar féidir le hÉirinn an t-aistriú riachtanach a dhéanamh ar mhaithe le gach duine agus gach earnáil. Pléadh cúig théama:

- Córas Fuinnimh na hÉireann a Sholáthar – Conas is féidir linn an córas fuinnimh a dhícharbónú agus cuspóirí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil níos leithne a bhaint amach?
- Léarscáil, Garspriocanna agus Ceann Scribe – Conas is féidir linn muinín a threisiú i samhail na

hÉireann don aistriú chuig córas cumhachta dícharbónaithe?

- Páirteanna, Puzail, and Deiseanna – Conas a chinntimid go n-ailíníonn agus go n-oibríonn na codanna éagsúla den aistriú fuinnimh go comhtháite?
- Daoine agus Fuinneamh – Cad iad na tairbhí agus na deiseanna do dhaoine agus do phobail san aistriú fuinnimh?
- Gníomhiú Anois, Amach Anseo, agus i bhFad Amach Anseo – Cad iad na príomhchéimeanna is gá a dhéanamh chun borradh a chur faoin aistriú fuinnimh?

Ghlac os cionn 25 cainteoir agus painéalaí páirt i gceithre phríomhsheisiún an lae – rinne an tAire Iompair agus an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, Darragh O'Brien, TD, imeachtaí a thionscnamh go foirmiúil, agus thug an Dr Brian Motherway ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) príomhathasc tosaigh, iad uile ag baint úsáid as torthaí uile na hoibre. Thug Kevin O'Donovan, Statkraft; An Dr Lewis Akenji, Hot or Cool Institute; An tOllamh Frances Fahy, Ollscoil na Gaillimhe; agus an Dr Paul Deane, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh príomhchuir i láthair eile. Ba í Oonagh Buckley, Ard-Rúnaí, D/CEE a thug an ráiteas clabhúir.

Ceardlanna 2025 NESC

Reáchtáladh roinnt ceardlann in 2025.

- Forbairt Inbhuanaithe: Treoracha taighde a fhiosrú, an 10 Feabhra
- Córais Fuinnimh: Uirlisí Anailíse Córas a Chur i bhFeidhm, an 8 Aibreán
- Bainistíocht Éilimh Fuinnimh, an 21 Bealtaine
- Idirphlé maidir le Dícharbónú na hEarnála Cumhachta, an 8 Meán Fómhair

Cruinnithe Idirnáisiúnta Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta (ESCanna) Bhallstáit an Aontais Eorpaigh

Ghlac NESC páirt i gcruinniú bliantúil Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE). In 2025, d'óstáil ESC na Polainne cruinniú i Vársá, an 25 agus an 26 Meitheamh. Chomh maith le faisnéis a roinnt maidir le hobair na gcomhairlí agus staid an idirphlé shóisialta agus shibhialta i ngach ceann de na Ballstáit, pléadh ag an gcruinniú 'Dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú ar fud an Aontais: ról na sochaí sibhialta eagraithe'.

D'óstáil NESC Cruinniú Comhchéime de chuid Ghrúpa um an Seimeastar Eorpach Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 16 Eanáir.

Cruinnithe Idirnáisiúnta Líonra Eorpach na gComhairlí um Fhorbairt Inbhuanaithe

Ghlac NESC páirt i gComhdháil Bhliantúil EEAC, 'Ó Ghlas go Glan', a tionóladh sa Bhruiséil an 29 Meán Fómhair – I Deireadh Fómhair.

Cruinnithe Boird NESDO le linn 2025

Tháinig Bord NESDO le chéile uair amháin in 2025; an 30 Iúil. Is mar leanas comhaltas an Bhoird: -

John Callinan, Roinn an Taoisigh, Cathaoirleach.

Elizabeth Canavan, Roinn an Taoisigh, Leas-Chathaoirleach.

Bhí Príomhoifigeach NESDO, an Dr Larry O'Connell, i láthair freisin.

Cruinnithe Boird NESC le linn 2025

Tháinig an Chomhairle le chéile ceithre huairé in 2025; an 27 Márta, an 26 Meitheamh, an 2 Deireadh Fómhair agus an 18 Nollaig. Is mar seo a leanas a ainmníodh comhaltas na Comhairle don tréimhse 2022-2027: -

John Callinan, Roinn an Taoisigh, Cathaoirleach
Elizabeth Canavan, Roinn an Taoisigh, Leas-Chathaoirleach

Triúr comhaltaí ó Ghnó agus Fostóirí:

Ian Talbot, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Chambers Ireland
Gerard Brady, Príomheacnamaí, Ibec
Andrew Brownlee, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta

Triúr comhaltaí ó Cheardchumann:

Owen Reidy, Ardrúnaí, ICTU
Joe Cunningham, Ard-Rúnaí, SIPTU
Kevin Callinan, Ard-Rúnaí, IMPACT

Triúr comhaltaí ón bhFeirmeoireacht agus ón Talmhaíocht:

Damian McDonald, Ard-Stiúrthóir, IFA
John Enright, Ard-Rúnaí, ICMSA
TJ Flanagan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ICOS

Triúr ball ó Phobal agus Deonach:

Seán Healy, Ceartas Sóisialta na hÉireann
Brid O'Brien, Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe
Naomi Feely, Stiúrthóir Beartais, an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Triúr comhaltaí ón gComhshaol:

Karen Ciesielski, Comhordaitheoir, Colún Comhshaoil
Caroline Whyte, Feasta
Jerry Mac Evilly, Ceann Athraithe Polasaí, Cairde an Domhain, Éire

Ceathrar comhaltaí ón tSeirbhís Phoiblí:

John Hogan, Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais
Declan Hughes, Ard-Rúnaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Graham Doyle, Ard-Rúnaí, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
David Moloney, Ard-Rúnaí, An Roinn Cateachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú NPD

Ochtar comhaltaí neamhspleácha a d'ainmnigh an Taoiseach:

Séamus Coffey, Coláiste na hOllscoile Corcaigh
An tOllamh Niamh Moore Cherry, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
An Dr Diarmuid Torney, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
An Dr. Chris Van Egeraat, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
An tOllamh Colin Scott, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Noelle O'Connell, European Movement Ireland
Nichola Mallon, larchomhalta den Tionól Reachtach, SONI
Colette Byrne – larchomhalta de Chomhairle Chontae Chill Chainnigh

Obair Rúnaíocht NESC le linn 2025

Le linn 2025, rinne an Rúnaíocht go leor cur i láthair ar obair NESC, chuir sí le réimse comhdhálacha, seimineár agus ceardlann agus d'fhóin sí ar roinnt coistí agus grúpaí oibre. Tá cuid de na gníomhaíochtaí sin liostaithe thíos.

Bhí an Dr Larry O'Connell, Stiúrthóir, ina chainteoir agus ar phainéal ag na himeachtaí seo a leanas: -

- Thug sé léacht, ina aoiléachtóir do mhic léinn an chlár MSc sa Bheartas Poiblí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar na ról atá ag an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta i dtaca le comhairle, forbairt agus athbhreithniú beartais.
- D'óstáil sé cuairt a thug foireann Central Institute for Economic Management (CIEM) Vítneam.
- Rinne sé cur i láthair os comhair fhoireann de chuid ECFE atá ag obair ar thionscadal Lárionad an Rialtais.
- Rinne sé cur i láthair ag seoladh Phlean Inbhuanaitheachta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Cuireadh agallamh air mar chuid den tionscadal taighde dar teideal *Welfare State Responses to Social Risks in Times of Climate Change* (WELRISCC) [Freagairtí Stáit Leasa ar Rioscaí Sóisialta i Ré an Athraithe Aeráide].
- Ghlac sé páirt i gCeardlann Smaointeoireachta Chóras an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ar Easpa Dídine.
- Bhí ina phainéal ag Seisiún Iomlánach Forbartha Phlean Corparáideach Thaighde Éireann.
- Rinne sé cur i láthair os comhair cheannaire an fhreasúra i Rialtas na Nua-Shéalainne, Chris Hipkins, faoi 'phoist mhaithe' sholúbtha agus ar aistriú cóir inbhuanaithe.
- Rinne sé cathaoirleacht ar chruinniú i ndáil le Fóram an Rialtais maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta.

An Dr Damian Thomas (Anailísithe Sinsearach Beartais). Bhí an Dr Thomas ina chomhairleoir seachtrach le linn na bliana 2025 don Fóram Idirphlé Sláinte le hEagraíochtaí Deonacha.

An Dr Cathal FitzGerald (Anailísithe Sinsearach Beartais). Tá an Dr FitzGerald i gceannas ar thaighde NESC ar athléimneacht náisiúnta agus eacnamaíoch. Tá sé ina chomhalta de:

- Ghrúpa Stiúrtha Staidéar Tionchair an Ionaid Náisiúnta Sonraí;
- Mheitheal SEAI um Dhíchárbónú Chóras Leictreachais na hÉireann; agus
- Ghrúpa Athbhreithnithe Piaráí um Shláindáil Náisiúnta an tSoláthair Cumhachta de chuid IEA
- Cheardlann Beartais DCEE/IEA maidir le Sláindáil Fuinnimh (Cathaoirleach).

Labhair sé ag/d'fhreastail sé ar an méid seo a leanas:

- Príomhaitheasc don Chomhdháil maidir le Fuinneamh Éireann 2025
- Aitheasc don Chomhdháil Bhliantúil maidir leis an Tionscal Gaoithe Amach ón gCósta
- Fóram an Taoisigh de Cheannairí Tionscail agus Beartais Fuinnimh Amach ón gCósta
- Bhí sé ina phainéal ag Siompóisiam Taighde Bliantúil Scoil Eacnamaíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Bhí sé ina phainéal ag Comhdháil Thuaisceart Éireann um Aistriú Fuinnimh 2025, Béal Feirste
- Cur i láthair do Ghrúpa Plé Fuinnimh Chumann Tráchtála na Breataine-na hÉireann
- Cur i láthair Díospóireachta CESE maidir le timthriall an tSeimeastair Eorpaigh
- Cur i láthair do Líonra AP, Roinn an Taoisigh
- Cur i láthair don Tascfhórsa Náisiúnta um Inacmhainneacht Fuinnimh
- Cur i láthair ar phróiseas Meastóireachta Covid-19 na hÉireann
- Seisiún Pleanála Fadbhreathnaitheachta Straitéisí na Seirbhíse Poiblí
- An Roinn Airgeadais Comhairliúchán Saineolaithe ar *Future Forty*.

Niamh Garvey (Anailísithe Sinsearach Beartais). Le linn 2025, bhí Niamh Garvey Uasal ina comhalta díobh seo a leanas:

- Grúpa Oibre Rannpháirtíochta Saoránach Chéim 2 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún, DAFM/DECC/DHLGH.
- Grúpa Forfheidhmithe agus Forbartha an Bhithgheilleagair, DAFM/DCEE.
- Grúpa Comhordaithe Taighde Aeráide an Choiste Stiúrtha Náisiúnta um Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide, EPA.
- An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Thaighde Comhshaoil, EPA.
- Cruinniú den choiste stiúrtha do chéim V de chlár taighde EPA-ESRI.
- Coiste Monatóireachta an Chláir Forbartha Tuaithe d'Éirinn.
- Grúpa comhairleach thionscadal Léirsíú Domhain DAFM-Climate KIC.
- Foireann Seachadta Suaitheanta Feirmeoireachta Carbóin, DAFM-Climate KIC.
- Coiste Stiúrtha thionscadal taighde maoinithe an EPA: (2023-NE-I202) - Forbairt Táscairí Úsáide Talún chun ár dTimpeallacht Nádúrtha a Chosaint.
- An Grúpa Comhairleach um Chreidmheas Feirme, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- Fóram Páirtithe Leasmhara Talmhaíochta agus Aeráide na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha.
- Fóram Cheannairí an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra de chuid an NPWS.
- Comhphobal Cleachtais UWISCA.

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- Grúpa Oibre um Úsáid Talún Thuaisceart Éireann, Béal Feirste, an 20 Feabhra
- An 2ú Cruinniú Mullaigh Eorpach maidir le Feirmeoireacht Carbóin, Baile Átha Cliath, an 6 Márta
- Cruinniú Mullaigh ar Chomhthuiscint a Aimsiú: deiseanna le haghaidh athrú nua ar úsáid talún, RDS, Baile Átha Cliath, an 9 Aibreán
- Córais Bhia Inbhuanaithe Éireann, ceardlann ar chórais bhia FAO, Baile Átha Cliath, an 1 Bealtaine

- *Public Engagement for Better Policy* [Rannpháirtíocht an Phobail ar son Beartas Níos Fearr], seoladh lámhleabhar beartais bhord bainistíochta na státseirbhíse, Gaillimh, an 27 Bealtaine
- Imeacht IPA chun an t-eagrán speisialta d'iris IPA, Baile Átha Cliath, a sheoladh, an 9 Meitheamh
- Ceardlann Neamhspleách do Pháirtithe Leasmhara Meastóireachta Covid-19, Baile Átha Cliath, an 24 Meitheamh
- Bhí sí ina cathaoirleach ar *Denmark's Green Tripartite Agreement: A New Model for Ireland's Agriculture and Climate Policy?* [Comhaontú Tríthaobhach Glas na Danmhairge: Samhail Nua do Thalmhaíocht na hÉireann agus do Bheartas Aeráide?], imeacht de chuid na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha ar líne, an 22 Deireadh Fómhair
- *Strategic Foresight Systems: What Policymakers Can Learn from Finland* [Córais Fadhbheathnaitheachta Straitéisí: An méid is féidir le lucht déanta beartas a fhoghlaim ón bhFionlainn], imeacht de chuid na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha ar líne, an 12 Nollaig

An Dr Siobhan O'Sullivan (Anailísithe Sinsearach Beartais). Le linn 2025 bhí an Dr O'Sullivan ina ball de na grúpaí seo a leanas:

- An Mheitheal um Chomhléiriúchán, HIQA, *National Guidance for the Responsible and Safe use of Artificial Intelligence in Health and Social Care Services* [Treoir Náisiúnta maidir le húsáid Fhreagrach agus Shábháilte na hIntleachta Saorga i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta].

D'fhreastail sí ar na himeachtaí seo a leanas:

- Bhí sí ina rannpháirtí i gceardlann EDS-ECFE dar teideal *Expert Consultation in Emerging Technology Governance in Public Health* [Comhairliúchán Saineolaithe maidir le Rialachas Teicneolaíochta atá ag Teacht Chun Cinn sa tSláinte Phoiblí] ECFE i bPáras an 15-16 Deireadh Fómhair 2025
- An 12ú Comhdháil Bhliantúil de chuid an Chórais Eorpaigh um Anailís Straitéiseach agus Beartais (ESPAS) sa Bhruiséil an 13 Samhain 2025, arbh é *Europe towards 2040: Charting a course in a new age of conflict and competition* [An Eoraip ag druidim le 2040: Cúrsa a leagan amach i ré nua coinbhleachta agus iomaíochta] an téama.

An Dr Jeanne Moore (Anailíseoir Beartais). Le linn 2025 bhí an Dr Moore ina bhall de na grúpaí seo a leanas: -

- An Grúpa Stiúrtha um Thaighde Comhshaoil Náisiúnta, EPA
- Meastóireacht an Choiste Forbhreathnaithe Náisiúnta do Ghlaio Taighde 2025 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
- Meastóireacht ar Chlár Taighde na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
- Grúpa Stiúrtha/Bord Comhairleach Institiúid Aeráide agus Sochaí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An Grúpa Comhairleach um Aeráid agus Fuinneamh, an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha
- An Grúpa Comhairleach Náisiúnta Sóisialta agus Iompraíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide, DCEE
- Tionscadal EPA an Choiste Stiúrtha dar teideal *The Next Generation Calls to Action: Exploring Adolescents' Climate Change Attitudes, Knowledge and Actions* [Glaonna chun Gnín na Chéad Ghlúine Eile: Ag Breathnú ar Dhearcchá, ar Eolas agus ar Ghníomhaíochtaí Déagóirí i leith an Athraithe Aeráide] (CCAKA) (2025-CE-1301).

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- Aoiléachtóir, Roinn na Síceolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad, Márta
- Bhí sí ar an bpainéil *From Gaps to Greenways: Research for Biodiversity Policy* [Ó Bhearnaí go Glasbhealaí: Taighde don Bheartas Bithéagsúlachta], Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Rinne sí cur i láthair os comhair Thascfhórsa Inacmhainneachta DCEE, Meitheamh
- Bhí sí ina Freagróir ag an Seimineár Gréasáin dar teideal *Governing the European Green Deal: how local experiments can help* [An Comhaontú Glas don Eoraip a Rialú: conas is féidir le turgnaimh áitiúla cabhrú], tionscadal an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chomhroinnt. Deireadh Fómhair
- Rinne sí Cathaoirleacht ar Sheimineár Institiúid na Cruinne de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, dar teideal *Barriers to Climate Action: Bureaucratic Burdens in a Warming World* [Bacainní ar Ghníomhú ar son na hAeráide: 'Ualaí Maorlathacha i nDomhan atá ag Téamh', Samhain.
- Rinne sí Cathaoirleacht ar Sheisiún Sárthaispeántais Taighde Ghrúpa Choláiste na hOllscoile, Corcaigh um Beartas Fuinnimh agus Samhaltú, i mBaile Átha Cliath, Mí na Nollag

Gemma O'Reilly (Anailíseoir Beartais). Le linn 2025 bhí Gemma O'Reilly ina ball de na grúpaí seo a leanas:

- Ball de Mheitheal ECFE um an Athrú Aeráide
- Ball de Mheitheal ECFE um Airgeadas agus Infheistíocht le haghaidh Spriocanna Comhshaoil
- Comhalta den Tascfhórsa um an bPlean Athchóirithe Dúlra maidir le hAirgeadas agus Infheistíocht
- Comhalta de Choiste Stiúrtha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don Thionscadal Taighde: Deiseanna Comhchoiteanna sa Dúlra agus sa Chomhshaol do Chlaochluithe Pobail (CONNECT)
- Comhalta de Mheitheal EEAC um an Aeráid agus Fuinneamh
- Comhalta de Mheitheal Saineolaithe PTF LA CBT

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- *Climate agreement mechanisms and negotiation* [Sásraí agus caibidlíocht maidir leis an gcomhaontú aeráide], Oiliúint Taidhleoireachta Aeráide Choláiste na hOllscoile, Corcaigh; ar líne, an 29 Eanáir 2025
- *Using Systems Thinking for Public Policy* [Smaoineamh ar Chórais a Úsáid don Bheartas Poiblí], seimineár smaointeoireachta ar chórais IBSPN; An Roinn Airgeadais Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, an 6 Márta 2025
- *Using Systems Thinking for the Energy Transition* [Ag Úsáid Smaointeoireacht Córas don Aistriú Fuinnimh], Cur i láthair do Lá Straitéise SEAI, Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath, an 19 Márta 2025
- *Climate agreement mechanisms and negotiation* [Sásraí agus caibidlíocht maidir leis an gcomhaontú aeráide], Oiliúint Taidhleoireachta Aeráide Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, an dara grúpa, ar líne an 16 Aibreán 2025
- *A story about changing minds* [Scéal faoi athrú intinne], Slam Scéalaíochta Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí Ché an Adhmaid, Baile Átha Cliath, an 16 Bealtaine 2025

- *Using Systems Thinking for the Energy Transition: A work in progress* [Smaoineamh ar Chórais a Úsáid don Aistriú Fuinnimh: Obair idir lámha], Comhdháil Aeráide agus Dúlra Mary Robinson, Béal an Átha, Maigh Eo, caint trí fhíseán, an 26 Bealtaine 2025

Noel Cahill (Eacnamaí). Le linn 2025 bhí Noel Cahill ina bhall de na grúpaí seo a leanas:

- An Grúpa Eolais Pleanála Náisiúnta

An Dr David Hallinan (Anailísí Beartais). Le linn 2025, bhí an Dr Hallinan ina bhall de na grúpaí seo a leanas: -

- Coiste Stiúrtha Tionscadail na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil *A Just Transition for Housing* [Aistriú Cóir don Tithíocht]
- Grúpa Comhairleach um Pleanáil Spásúil Mhuirí na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
- Grúpa Comhairleach Tionscadail CLIMATUDE na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
- Anailís ar Shochar Costas Tithe Dearaidh Uilíocha an Údaráis Náisiúnta Míchumais (Comhairleoir Tionscadail)

Tugadh cuireadh di labhairt ag an imeacht seo a leanas:

- *Energy on the Estuary Summit*, [Cruinniú Mullaigh maidir le Fuinneamh ar an Inbhir], Limerick Chamber / Shannon Foynes Port Company, Deireadh Fómhair 2025

An Dr Grainne Collins (Anailísí Beartais). Le linn 2025, bhí an Dr Collins ina ball díobh seo a leanas:

- Foghlaim ghníomhaíochta bunaithe ar an gCás Eacnamaíoch um Chosc agus Luath-Idirghabháil
- Lónra Tras-Rialtais maidir le Bochtaineacht agus Folláine Leanaí.

Tugadh cuireadh di labhairt ag an imeacht seo a leanas: -

- Comhdháil Luath-Idirghabhála, Luimneach an 23-24 Deireadh Fómhair, áit ar thug sí páipéar ar athrú déimeagrafach.

D'fhreastail sí freisin ar an méid seo a leanas: -

- *A Strategic Approach to Impactful Migration Research* [Cur chuige straitéiseach maidir le taighde tionchair ar an imirce], Flórans, an Iodáil

Colette Bennett (Anailísí Beartais). Le linn 2025, bhí Colette ina comhalta díobh seo a leanas: -

- Coiste Eolaíochtaí Sóisialta Acadamh Ríoga na hÉireann.
- An Grúpa Comhairleach Teicniúil don Rannán um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Painéal Breithnithe Gradaim Mary Raftery.

Tugadh cuireadh di labhairt acu seo a leanas:

- Fóram Formhaoirseachta um Chuimsiú Sóisialta, ILDN, an Tulach Mhór, Feabhra.
- MA in Obair Shóisialta agus Ceartas Sóisialta, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach, Márta.
- BSS i gCúram Sóisialta agus Beartas Sóisialta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Márta.
- Erasmus nó sochaithe sibhialta eagraithe maidir leis an Sciath Eorpach um an Daonlathas, CESE, Mí na Samhna.
- Cruinniú de Thascfhórsa na Náisiún Aontaithe maidir le Caidreamh Sóisialta Idirghrúpa a Thomhas, mí na Nollag.

3. Éifeachtacht Eagraíochtúil

Rialachas agus Tuairisciú Airgeadais

Tá NESDO tiomanta don chaighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Tá an creat foriomlán rialachais agus rialaithe laistigh de NESDO á threorú ag comhlíonadh an Achta NESDO, 2006 agus Forálacha an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Le linn 2025, i bhfianaise thabhairt isteach Bheartas Oibre Cumaiscthe NESDO, leanadh de bhéim ar leith a leagan ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe atá ag feidhmiú in NESDO, ag díriú ar bhainistiú airgeadais agus sonari.

Oibríonn NESDO go dlúth leis an Rannóg Beartais Shóisialta agus Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí sa Roinn an Taoisigh, a chomhlíonann ról maoirseachta i ndáil le NESDO. Tagann Grúpa Idirchaidrimh idir NESDO agus an Roinn le chéile go rialta chun cúrsaí airgeadais agus rialachais a phlé.

Tá ar a laghad beirt bhall foirne ó NESDO agus ar a laghad beirt ón Rannóg Beartais Shóisialta agus Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí sa Roinn an Taoisigh ar Ghrúpa Idirchaidrimh NESDO, chomh maith le cibé baill foirne eile is gá. Coinníonn an Grúpa Idirchaidrimh gach saincheist ghnó faoi athbhreithniú agus bainistíonn sé an teagmháil idir NESDO agus an Roinn. Tagann an Grúpa le chéile ar a laghad faoi dhó sa bhliain agus tháinig sé le chéile trí huaire in 2025.

Bainistíocht Riosca

Éilíonn bainistiú éifeachtach riosca eagraíochtúil próisis rialaithe láidre chun tacú le NESDO agus leis an mBord ar mhaithe le cuspóirí NESDO a bhaint amach. Bunaítear feidhmeanna riosca agus rialaithe i ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca arna cheapadh ag an mBord, a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht, ar chúrsaí riosca lena n-áirítear beartas agus cleachtas. Tá Clár Bainistíochta Riosca bunaithe ag NESDO agus déanann an Coiste Iniúcháireachta & Riosca é a athbhreithniú agus a fhaomhadh go tráthrialta.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2014) go ndéanfaidh NESDO measúnú ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um chomhionannas a chreideann sé a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir NESDO; leagan amach beartais, pleananna agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo; agus déanann tuairisciú ar fhorbairtí agus ar an méid atá bainte amach maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí ina thuarascáil bhliantúil.

Cúrsaí Eitice i Reachtáocht na nOifigí Poiblí.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar NESDO faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le líon na nochtaí cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtaí cosanta den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta do NESDO sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

Saoráil Faisnéise

Fuair NESDO iarratas amháin ar Shaoráil Faisnéise (FOI) in 2025.

Astaíochtaí a Fhritháireamh a Bhaineann le hAerthaisteal Oifigiúil

I gcomhréir le forálacha Chiorclán 01/2020, thaifead NESDO na hAstaíochtaí seo a leanas a bhaineann le húsáid aerthaistil oifigiúil le haghaidh 2025 mar a leanas:—

Líon iomlán na gciliméadar a taistealaíodh ar aerárthaí:	70429
Na tonaí CO ₂ is infheidhme	3.6
An méid a cuireadh ar aghaidh chuig Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil	€213.61

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (**NESDO**)

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig **2025**

Clár Ábhair

Leathanach

Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Eile	
Tuarascáil an Chathaoirigh	2
An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird An	3-5
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	6-7
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	8-9
An Ráiteas ar Ioncam agus ar chaiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim	10
Coinnithe An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	11
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	12
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	13-17

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

(NESDO) Comhaltaí Boird agus Eolas Eile,

Comhaltaí an Bhoird:	An tUasal John Callinan Elizabeth Canavan Uasal
Baincéirí:	Allied Irish Bank 7/12 Sráid an Dáma Baile Átha Cliath 2
Ceannoifig:	16 Cearnóg Parnell Baile Átha Cliath 1
Iniúcháir:	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus

Tuarascáil an Chathaoirligh

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2025

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoi théarmaí an Achta um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006 agus tá sé rialaithe ag Bord a cheap an Taoiseach.

Is é NESDO an comhlacht corpraithe don Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (SC) a chuireann comhairle ar an Taoiseach maidir le saincheisteanna beartais straitéiseacha a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil inbhuanaithe in Éirinn.

Tá Bord NESDO tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachais Chorporáidigh agus tá Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin.

Tá treoirínte maidir le polasaithe agus nósanna imeachta leitheadacha i bhfeidhm ag NESDO maidir le gach ball foirne, coiste agus comhaltaí boird. Cuireann NESDO na caighdeáin nochta agus trédhearcachta is airde i bhfeidhm maidir leis na leasanna atá ag baill foirne, coistí agus comhaltaí Boird.

Polasaí Luach Saothair - Comhaltaí an Bhoird agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin

Is é an duine céanna atá ina Príomhoifigeach ar NESDO agus ina Stiúrthóir ar an NESC. Déantar é a íoc i leith an phoist atá aige ina Stiúrthóir ar an NESC agus ní íoctar aon luach saothair, sochar oifige ná speansais eile leis maidir lena ról ina Phríomhoifigeach. Íoctar foireann uile an NESDO agus an NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, i gcomhréir le ciorcláin ábhartha pá arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin. Ní íoctar aon luach saothair/táillí le comhaltaí boird NESDO na le comhaltaí Comhairle NESC.

Gnóthas Leantach

Tá súil réasúnta ag an mBord le maoiniú leanúnach Roinne. Ar an gcúis sin, leanann an Chomhairle de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh is na ráitis airgeadais bliantúla á n-ullmhú. Fuarthas an chéad tráthchuid d'Ioncam Deontais 2026 i mí Eanáir 2026.



Sínithe
ag:

John Callinan
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 30/06/2026

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an
Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Rialachas

Bunaíodh Bord na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoi Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Tá an Bord freagrach don Taoiseach agus freagrach as rialachas maith a chinntiú a chuirtear i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach cinneadh gnó. Príomhoifigeach (CO) agus foireann bainistíochta sinsearaí NESDO atá freagrach as NESDO a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach an treoir straitéiseach leathan a leagan an Bord amach a leanúint agus a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach mar theagmhálaí díreach idir Bord agus bainistíocht an NESDO.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach i gcáipéis Polasaithe agus Nósanna Imeachta NESDO obair agus freagrachtaí an Bhoird chomh maith le nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh Boird. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an Bord, tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais
bhainistíochta, tuarascálacha feidhmíochta,
agus
- nithe forchoimeádtar.

Ceanglaíonn Alt 31(1) den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006 ar NESDO na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an Taoiseach le comhthoiliú an Aire Airgeadais.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó, agus
- a rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil taifid chuntasaíochta leordhóthanacha á gcoimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, a staid airgeadais

agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais mar atá dlite faoi Alt 31(2) den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin NESDO agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Is é an Bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht NESDO faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid an 30 Iúil 2025.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar sócmhainní NESDO a choimirciú go leordhóthanach agus go bhfuil céimeanna réasúnta i bhfeidhm chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath

Measann an Bord go dtugann Ráitis Airgeadais NESDO léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an NESDO amhail an 31 Nollaig 2025.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a cheapann an Taoiseach. Tionóltar cruinnithe boird dhá uair sa bhliain nó níos minice de réir mar is gá. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse chomhthréimhseach le téarma na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESC). Tugtar sainmhíniú sa tábla thíos ar na tréimhsí ceaptha maidir le comhaltaí reatha:

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltai an

Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
John Callinan	Cathaoirleach (Reatha)	Meitheamh 2022.
Elizabeth Canavan	Leaschathaoirleach (Reatha)	Meitheamh 2022.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) bunaithe ag an mBord atá comhdhéanta de thriúr comhaltai, beirt chomhaltai sheachtracha san áireamh. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheistanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Go dtuaisceoidh an Coiste don Bhord gach bliain, nó de réir mar is gá. Tuairiscíonn an ARC chuig an mBord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad an tUasal Cillian Doyle, (Cathaoirleach Eatramhach), Anna Visser Uasal, Roinn an Taoisigh agus an tUasal Damian Thomas, NESDO comhaltai an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Bhí trí chruinniú ag an ARC in 2025. Níor tionóladh an ceathrú cruinniú go dtí mí Eanáir 2026.

Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2025 lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

	An Bord	Táillí & Costais (€)
Líon na gCruinnithe:	1	
John Callinan	1	-
Elizabeth Canavan	1	

Ní fhaigheann na comhaltai Boird aon táillí ná costais.

	An Coiste Iniúchta agus Riosca	Táillí 8, Costais (€)
Líon na gCruinnithe:	3	
Cillian Doyle	3	-
Anna Visser	3	-
Damian Thomas	3	-

Nochtaí a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

An Bord atá freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an NESDO ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Cateachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaí a leanas faoin gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha d'Fhostaithe de bhreis ar €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon de shochair iomlána na bhfostaithe	Líon na bhFostaithe 2025	Líon na bhFostaithe 2024
€60,000-€69,999	-	1
€70,000 - €79,999		2
€80,000-€89,999	2	3
€90,000 - €99,999	3	1
€100,000 - €109,999	1	2
€110,000 - €119,999	-	1
€120,000 - €129,999	3	3
€130,000 - €139,999	1	-
€140,000 - €149,999		-
€150,000 - €159,999	-	-
€160,000 - €169,999	-	
€170,000 - €179,999		1
€180,000 - €189,999	1	

Tabhair ar aird: Chun críocha an nochta seo, áirítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, liúntais ragoibre agus fócaíochtaí eile déanta thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an

Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar Caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

Fostaí	2025 (€)	2024 (€)
In Éirinn	3,066	3,120
Eachtrach	6,866	2,864
Neamh-Fhostaithe		
In Éirinn	2,310	2,185
Eachtrach	2,428	657
Iomlán	14,670	8,836

Costais Chomhairleoireachta

Tá NESD i mbun tionscadail taighde um fhorbairt inbhuanaithe a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú ón Roinn Aeráide Fuinnimh agus Comhshaoil.

Tionscadal	2025 (€)	2024 (€)
Taighde ar Fhorbairt Inbhuanaithe Comhairleoireacht	47,282	29,760

Costais agus Socraíochtaí Dlí

2025 (€)		2024 (€)
Náid		Náid

Caiteachas Fáilteachais

Anailís ar Chaiteachas	2025 (€)	2024 (€)
Fostaithe	523	190
Neamh-Fhostaithe	747	377
Iomlán	1,270	567

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí NESDO i gcomhréir iomlán leis an gCód le haghaidh 2025.

Sínithe ag:


John Callinan
Board Chairman

Dáta: 30/06/2026

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2026

Scóp na Freagrachta

Thar ceann Bhord na hOifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, admhaím an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú san Oifig. Tugtar san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceanglais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

An Cuspóir atá leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfaidh an riosca ar leibhéal réasúnta seachas é a chur ar neamhní ar fad. Ní fhéadfaidh an córas ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na teorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm i NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí an dáta ar ceadáíodh na ráitis airgeadais.

An Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag NESDO ar a bhfuil triúr comhaltaí ar comhaltaí seachtracha iad beirt acu, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhfuil taithí leathan chorparáideach agus airgeadais acu in eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Tá rochtain ag ARC ar sheirbhísí cuntasáíochta gairmiúla de réir mar is gá. Tháinig ARC le chéile trí huair le linn na bliana 2025.

Is é Anad Iniúchta Inmheánaigh Roinn an Taoisigh a dhéanann an fheidhm iniúchta inmheánaigh ag NESDO thar ceann ARC NESDO Tá acmhainní leordhóthanacha ag an Anad agus reáchtálann sé clár oibre trí bliana a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchta a chlúdaíonn raon leathan réimsí den eagraíocht lena n-áirítear rialuithe inmheánacha.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARC ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na ról agus freagrachtaí atá ar bhaill foime maidir le riosca. Tá an beartas seo eisithe ar an bhfoireann ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca NESDO, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a bheadh ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh do rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag NESDO agus leis an gcóras sin saináithnítear agus déantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag NESDO agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus tá grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar na rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist,
- tá córas buiséadaithe iomchuí lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus

Shóisialta (NESDO) An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nós imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.
- tá socrúithe tuairiscithe i bhfeidhm ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta; agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair agus go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú NESDO ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar ARC a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ar an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de NESDO atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2025 an 5 Márta 2026.

Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí le nochtadh sna Ráitis Airgeadais maidir le 2025.

Sínithe:



John Callinan

Cathaoirleach an Bhoid

Dáta 30/06/2026



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Oifig **Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta**

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na hOifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- den ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- den ráiteas ar an staid airgeadais
- den ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- de na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar ioncam agus chaiteachas na hOifige don bhliain 2025 de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn*.

An bonn atá leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIIInna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Georgina O'Mahony
Do agus thar ceann
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
2 Iúil 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 31 den Acht um an Oifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialach, 2006.

a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102

- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú

oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasalóchta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus

rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaíocht nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoi alt 31 den Acht um an Oifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais ina leith.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhiráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaíocht nó earráid. Is ionann dearbhu réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na CIlInna, ar mhiráitis ábhartha nuair is ann dóibh. Is féidir le ráitis neamhchruinne teacht chun cinn ó chalaíocht nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó san iomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CIlInna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaíocht nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhiráiteas ábhartha mar gheall ar chalaíocht seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.

Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

Oiriúnacht na mbeartas cuntasalóchta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasalóchta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.

Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasalóchta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, maidir le cibé acu atá éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtáí ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtáí dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an Oifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtáí, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

Nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- nach raibh taifid chuntasalóchta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasalóchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tsli a ndearnadh gnó poiblí.


Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)
 Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe.
 Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2025

ioncam	Nótaí	2025 €	2024 €
Deontas Oireachtais	2	2,674,314	2,392,784
Ioncam Eile	3	100,593	93,950
Ioncam Iomlán		<u>2,774,907</u>	<u>2,486,734</u>
Caiteachas			
Costais Foime	4	2,015,904	1,712,716
Comhairleoireacht		47,282	29,760
Priontáil agus Foilseacháin		10,950	66,505
Taisteal agus Cothabháil	6	14,670	8,836
Comhdhálacha agus Seimineáir		59,388	56,392
Oiliúint		18,944	41,893
Postas, Tacsaithe & Cúirí		1,275	1,798
Seirbhísí Leabharlainne		17,906	13,917
Riarachán		6,245	1,615
Táillí Gairmiúla		42,084	25,362
Táille Iníochóireachta		11,000	10,000
Teileafón		1,557	6,783
Stáiseanóireacht		5,241	9,610
Costais TF agus Láithreáin Gréasáin		105,610	41,262
Cíos agus Muirir Sheirbhíse		363,356	371,375
Mír Chaipitil ar Luach Íseal <€10,000		<u>28,482</u>	<u>12,802</u>
Caiteachas Iomlán		2,749,894	2,410,626
Barrachas/(Easnamh) don bliain roimh Leithreasuithe		25,013	76,108
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	11		
Barrachas/(Easnamh) don bliain tar éis Leithreasuithe		25,013	76,108
Iarmhéid amháin an 1 Eanáir		<u>249,642</u>	<u>173,534</u>
Iarmhéid amháin an 31 Nollaig		<u>274,655</u>	<u>249,642</u>

Áirítear na gnóthachain agus cailleanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas ar Ioncam agus ar chaiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 17.

Síniú ag:



John Callinan

Cathaoirleach an Bhoird



Larry O'Connell

Príomhoifigeach

Dar dáta: 30 Meitheamh 2026

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)


An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail Nollaig 2025

	Nótaí	2025	2024
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh	7		
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	8	68,701	56,150
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	10	263,187	246,151
		331,888	302,301
Dlíteanais Reatha – (Méideanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna infoctha	9	(57,233)	(52,659)
Glansócmhainní Reatha		274,655	249,642
Glansócmhainní Iomlána		274,655	249,642
A Ionadaíonn do			
Cuntas Caipitil	11	274,655	249,642
Cúlchistí Coinnithe		274,655	249,642

Áirítear na gnóthachain agus cailteanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 17.

Sínithe
ag:


John Callinan
Cathaoirleach an
Bhoird

Dáta:

30 Meitheamh 2026

Sínithe ag:


Larry O'Connell
Príomhoifigeach

Dáta:

30 Meitheamh 2026

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)


Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025	2024
		€	€
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		25,013	76,108
Ardú ar infháltais		(12,551)	(40,091)
Ardú/ (Laghdú) ar shuimeanna iníoctha		4,574	(11,653)
Ús Bainc Infhála		(570)	(654)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		16,466	23,710
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíocht chun maoin, fearas & trealamh a fháil	7		
(Gnóthachan)/ Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt			
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Ús bainc faighte		570	654
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		570	654
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim		17,036	24,364
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		246,151	221,787
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig	10	263,187	246,151

Áirítear na gnóthachain agus caillteanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí le

Sínithe ag:


John Callinan

Cathaoirleach an Bhoird

Sínithe ag:



Larry O'Connell
Príomhoifigeach

Dáta: 30 Meitheamh 2026

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig

1 Ráiteas ar Bheartais

Chuntasaíochta Beartais

Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac NESDO. Cuireadh i bhfeidhm go seasta iad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

Eolas Ginearálta

Cuireadh NESDO ar bun faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, agus tá ceannoifig aige ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Is é príomhchuspóir NESDO, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, comhairle a chur ar an Taoiseach maidir le gach ábhar straitéiseach a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa Stát.

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhíodh ráitis airgeadais NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Bonn Ullmhúcháin

Ullmhíodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na Ráitis Airgeadais sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Taoiseach le toiliú an Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach i gcásanna inar déileáladh le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais NESDO.

Ioncam

Deontas Oireachtais

Aithnítear deontas a fuarthas ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid thirim.

Ioncam Eile

Tá NESC i mbun tionscadail taighde um fhorbairt inbhuanaithe a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú ón Roinn Aeráide Fuinnimh agus Comhshaoil. Aithnítear an t-ioncam seo nuair a shonrasctar é.

Téann NESDO i mbun tionscadail chomhchistiúcháin le heagraíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith níos faide ná bliain amháin. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fáltas airgid. Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta in airgeadraí seachas an euro a thaifeadadh ag na rátaí a bhíonn i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart nó ar dháta conraithe. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta go euro ag dáta an chlár chomhardaithe nó ag dáta conraithe. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Is é €10,000 an tairseach chun maoin, fearas agus trealamh a chur san áireamh. Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, atá coigeartaithe maidir le haon soláthar do laige. Cuirtear dímheas ar fáil maidir le gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh rúilse agus obair ealaíne, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne díri thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

(i)	Troscán:	10 mbliana
(ii)	Trealamh:	5 bliana

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí ó shócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an sócmhainn ag an aois agus sa riocht a bheifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann i dtaobh laige i luach sócmhainne, aithnítear cailteanas laige sa Ráiteas ar loncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí loncaim Coinnithe sa bhliain.

Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha, amhail saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr 'Suimeanna Iníoctha' sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Le ceadú Ranna an Taoisigh agus na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoi 2015 bhí gach ball foirne ina mbaill den scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe. Is scéim neamhranníochach í seo le haghaidh pinsean scoir agus sochair chnapshuime oifigiúla féin. Tá ranníocaíochtaí iníoctha i leith na Scéime Céile agus Leanaf. Cuireann NESDO na ranníocaíochtaí seo ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar NESDO maidir le socruithe aoisliúntais na foirne sin. Tá Scéim Pinsean NESDO á bunú ag NESDO faoi láthair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2012 IR 582 a cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin le faomhadh in 2023.

Oibríonn NESDO an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltai na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Le linn 2025, thug Roinn an Taoisigh ball foirne amháin ar iasacht do NESDO agus cuireadh beirt bhall foirne NESDO ar iasacht chuig Roinn an Taoisigh. Bhí na baill foirne seo cumhdaithe ag na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm ina Roinn féin faoi seach. Chúitigh NESDO na Ranna i leith tuarastail, ÁSPC an fhostóra agus aoisliúntas na mball áirithe foirne. Aisíocaíochtaí a fabhraíodh ar bhonn míosúil agus a muireachaíodh ar an Ráiteas ar loncam agus ar Chaiteachais agus ar Chúlchistí loncaim Coinnithe. Is é an Roinn ábhartha atá freagrach as párolla agus aoisliúntas na mball foirne atá ar iasacht ag NESDO.

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an chlár chomhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhrí a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an bPríomhoifigeach ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhóinteach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig

2. Íostarraingt <u>Ioncaim Deontais</u>	2025	2024
	€	€
<u>Oireachtais</u> Íostarraingt Ioncaim Deontais	<u>2,674,314</u>	<u>2,392,784</u>

Oireachtais¹

¹Foinse Ioncaim – Leithdháileadh ó Vóta 2 Roinn an Taoisigh Fo-mhírcheann A3 chuig NESDO. Mar chomh-chomhlacht NESDO (de réir mar a leagtar amach san Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006), íocann NESDO as caiteachas NESC.

3 <u>Ioncam Eile</u>	2025	2024
	€	€
Ioncam Comhshaoil 2	100,023	93,296
Ús bainc infhála	570	654
	<u>100,593</u>	<u>93,950</u>

² Fuarthas an tsuim €100,023 ón Roinn Aeráide Fuinnimh agus Comhshaoil in 2025.

4 <u>Costais Foirne</u>	2025	2024
	€	€
Tuarastail agus Pinsin	1,835,887	1,549,198
Costais Leasa Shóisialaigh	180,017	163,518
	<u>2,015,904</u>	<u>1,712,716</u>
Ba é meánlíon na bhfostaithe agus leithdháileadh ECF le linn na bliana:	<u>18</u>	<u>18</u>

Asbhaineadh €92,153 san iomlán (2024: €86,773) de ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ó bhaill foirne a íocadh le Roinn an Taoisigh. Fuair Príomhoifigeach NESDO, atá ina Stiúrthóir NESC freisin, €180,936 (2024: €175,243) mar luach saothair i ndáil lena ról mar Stiúrthóir NESC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025. Ní bhfuair an Príomhoifigeach luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Mar Stiúrthóir NESC, fuair sé €281 in 2025 (2024: €774) i ndáil le taisteal oifigiúil agus cothabháil de réir Chiorclán 07/2009 na Roinne Airgeadais.

Cuireadh ball foirne amháin ar íasacht chuig NESDO agus cuireadh beirt bhall foirne NESDO ar íasacht chuig Roinn an Taoisigh. Áirítear le Tuarastail agus Pinsin Pá Saoire fabhráithe €29,430 (2024 – €30,627).

5 <u>Sochair Scoir</u>	2025	2024
	€	€
Áirítear i dtuarastail agus pinsin i nóta 4 an méid seo a leanas:		
Ranníocaíochtaí fostaithe leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i leith foirne	24,874	17,865
Ranníocaíochtaí fostaithe le Roinn an Taoisigh i ndáil le baill foirne	<u>26,309</u>	<u>25,778</u>
	<u>51,183</u>	<u>43,644</u>

6. <u>Taisteal & Cothabháil</u>	2025	2024
		€
Taisteal & Cothabháil 3	<u>14,670</u>	<u>8,836</u>
	<u>14,670</u>	<u>8,836</u>

³ Lena n-áirítear costais a aisíoc le comhaltaí Chomhairle NESC a bhaineann le freastal ar chruinnithe den Chomhairle.

7	<u>Maoin, Fearas agus Trealamh</u>	Trealamh €	Troscán €	Iomlán €
	<u>Costas</u>			
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2025	119,466	39,693	159,159
	Suímeanna Breise			
	Diúscairtí			
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025	119,466	39,693	159,159
	<u>Dímheas</u>			
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2025	119,466	39,693	159,159
	Muirear don bhliain			
	Diúscairtí			
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025	119,466	39,693	159,159
	<u>Glanluach de réir na Leabhar</u>			
	Ag an 31 Nollaig 2025			
	Ag an 31 Nollaig 2024			
8	<u>Suímeanna Infhaighte</u>	2025 €	2024 €	
	Réamhíocaíochtaí	56,731	56,150	
	Féichiúnaithe	11,011		
	An scéim um rothaíocht chun na hoibre	959		
		68,701	56,150	
9	<u>Suímeanna Iníoctha</u>	2025 €	2024 €	
	Creidiúnaithe trádála	8,935	2,070	
	Cánacha agus costais shóisialta	273	1,445	
	Fabhruithe	48,025	49,144	
		57,233	52,659	
10	<u>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</u>	2025 €	2024 €	
	Cuntais Reatha	51,088	52,887	
	Cuntas reatha	211,728	192,897	
	Airgead ar láimh	371	367	
		263,187	246,151	

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig

11	Cuntas Caipitil	2025 €	2024 €
	larmhéideanna amhail an 1 Eanáir		
	<i>Aistriú chuig Ioncam agus Caiteachas</i>		
	Scaoilte ar shócmhainní seasta a dhiúscairt		
	larmhéid amhail an 31 Nollaig		

12 Áitreabh ina lonnaitear NESDO

Tá NESDO lonnaithe in áitreabh amháin atá suite ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1. Tógann NESDO an t-áitreabh seo ar cíós ar bhonn bliantúil ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus níl sé ceangailte le léas. Íocadh cíós € 322,329 agus muirir sheirbhíse €41,061 i ndáil leis an mbliain 2025.

13 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Ghlac comhaltaí Boird NESDO nósanna imeachta i gcomhréir le treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna ó chomhaltaí den Bhord agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Níor tharla aon idirbheart sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhalta Boird.

Tá Comhairle NESC (comh-chomhlacht NESDO) ina chomhlacht comhairleach amháin gan aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus tá struchtúr ar leith ann lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar leasanna eanála barrthábhachtacha.

Tá príomhphearsanra bainistíochta in NESDO comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach agus comhaltaí den bhord. Ní bhfuair príomhphearsanra bainistíochta luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról in NESDO.

Feidhmíonn NESDO agus NESC araon faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, ina bhfuil foráil maidir le leasanna a nochtadh.

14 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Bord NESDO na Ráitis Airgeadais an 30 Meitheamh 2026.